

[13 02 1.mp3](#)

Bileog 13.2

Foinse: RnaG

Clár: Nuacht a haon

Dáta: 20 Aibreán 2009

Intreoir: Trí mhír nuachta náisiúnta.

Mír 1

Gheofaí go ngearrfar fíneáil nó téarma príosúin ar Iar-Aire de chuid rialtas Stormont, an Teachta Tionóil Ian Óg Paisley, mar gheall ar dhíspeagadh (*ar díspeagadh* a deirtear) cúirte, mura gcuireann sé na húdaráis ar an eolas faoi dheireadh an lae faoi na foinsí a bhí aige maidir le heolas a thug sé do bhinse fiosraithe a bhí ag fiosrú bás Billy Wright. D'ordaigh an Ard-Chúirt i mBéal Feirste dó a leithéid a dhéanamh agus thug go dtí an lá inniu dó a chuid eolais a chur in iúl. Dúirt Ian Óg Paisley gur tugadh ordú beagnach 6 mhíle cáipéis a scriosadh i ndiaidh marú Billy Wright sa bhliain 1997 ach dhiúltaigh sé an t-oifigeach príosúin a thug an t-eolas dó a ainmniú. Tá sé curtha in iúl ag Ian Óg Paisley nach bhfuil sé chun achomharc a dhéanamh i leith rialú na cúirte agus tabharfar an cás os comhair na cúirte arís níos déanaí sa mhí.

[13 02 2.mp3](#)

Mír 2

Tá an Cairdinéal Seán Brady le bualadh le ceannairí paraimíleatacha dílseacha an tseachtain seo. Seo an chéad uair riamh a tharla a leithéid de chruinniú. Beidh cruinniú ag an gCairdinéal le baill de ghrúpa taighde polaitiúil Uladh, a bhfuil teagmháil acu leis an UDA, ina cheannáras in Ard Mhacha amárach. Ceaptar go ndéanfaidh an Cairdinéal achainí ar an UDA a chuid airm a chur ó mhaith le linn an chruinnithe.

[13 02 3.mp3](#)

Mír 3

Deimhníodh inniu ná caillfidh Teachtaí Dála atá ag suí faoi láthair an liúntas speisialta atá dlite dóibh nuair atá tréimhse fada oibre curtha isteach acu. Fógraíodh sa cháinainéis éigeandála ná beadh liúntais á ndíol a thuilleadh ach dúirt Príomh-Aoire an rialtais - an Teachta Dála, Pat Carey - inniu go gcaithfí reachtaíocht nua a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm le haon athrú a chur ar liúntais a dhíoltar le Teachtaí Dála. Dúirt an Teachta Carey go bhfuil ciorruithe eile á gcur i bhfeidhm ag an rialtas faoi láthair, ciorruithe i gcostais taistil agus i ranníocaíochtaí pinsin ina measc, ach nach gcuirfí aon athrú i bhfeidhm ar na liúntais atá á ndíol (*dhíol* a deirtear) le Teachtaí Dála faoi láthair.